2025/2054

14.10.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2054 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Deireadh Fómhair 2025

lena laghdaítear ón maoiniú ón Aontas Eorpach caiteachas áirithe a thabhaigh na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6791)

(Is iad na téacsanna Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Ollainnise agus Spáinnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 54 de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá an Coimisiún le measúnú a dhéanamh ar na méideanna atá le laghdú, agus na réasúnuithe a thug an Ballstát sna tuarascálacha feidhmíochta bhliantúla i gcomhréir le hAirteagal 134(8) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) á gcur san áireamh aige.

(2) Ní féidir a mhaoiniú le buiséad an Aontais ach an caiteachas a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2116, a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115, agus ag a bhfuil aschur comhfhreagrach mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3)(b) agus Airteagal 10(1)(b) de Rialachán (AE) 2021/2116, agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115.

(3) Leis an leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([3]) le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/310 ón gCoimisiún ([4]), ní cheanglaítear ar na Ballstáit réasúnuithe a sholáthar chun críoch an imréitigh feidhmíochta bhliantúil le haghaidh dialltaí aonadmhéideanna réadaithe ó aonadmhéideanna beartaithe i gcás nach mó an caiteachas iomlán a chomhfhreagraíonn do na dialltaí sin ná 2 % den chaiteachas iomlán a dearbhaíodh sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 134(5), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 le haghaidh na bliana airgeadais lena mbaineann. Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit réasúnuithe a sholáthar maidir le gach barrachas d'aonadmhéideanna réadaithe ó (mheán-)aonadmhéideanna uasta beartaithe.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/310 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a mhéid a bhaineann leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil agus an nós imeachta comhréireachta (IO L, 2025/310, 12.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/310/oj).

(4) I bhfianaise an mheasúnaithe a rinneadh, agus réasúnuithe na mBallstát á gcur san áireamh, maidir leis an gcuid den chaiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2116 agus a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115, nach bhfuil aschur comhfhreagrach aici mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3)(b) agus Airteagal 10(1)(b) de Rialachán (AE) 2021/2116 agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart í a laghdú ón maoiniú ón Aontas.

(5) A mhéid a bhaineann leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear leis an gcinneadh seo, tugann an Coimisiún fógra do na Ballstáit, sa tuarascáil achomair ar an ábhar ([5]), faoin measúnú ar na méideanna atá le laghdú toisc nár comhlíonadh dlí an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a bhaineann le caiteachas a dhearbhaigh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na mBallstát faoi CERT nó CETFT, a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115 agus nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3)(b) agus Airteagal 10(1)(b) de Rialachán (AE) 2021/2116 agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfar na méideanna sin a laghdú ón maoiniú ón Aontas.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cipire agus Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

([5]) Ares(2025)7793398.

IARSCRÍBHINN

Cinntí maidir le laghduithe airgeadais

CERT

Mír Bhuiséid: 6200

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
BE-Flóndras	CRISS 1.2.1- Aanvullende herverdelende inkomenssteun voor duurzaamheid - gepland eenheidsbedrag per hectare	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	186 229,76	0,00	186 229,76	100,00%	186 229,76
			Iomlán BEVG:	**EUR**	**186 229,76**	**0,00**	**186 229,76**		**186 229,76**

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
CY	CIS-YF A.P.4 - Συμπληρωματική εισοδηματική στήριξη για γεωργούς νεαρής ηλικίας Α.Π. 4 Μοναδιαία Ποσά Ενίσχυση ανά εκτάριο για Α.Π. 4	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	32 854,72	0,00	32 854,72	100,00%	32 854,72
			Iomlán CY:	**EUR**	**32 854,72**	**0,00**	**32 854,72**		**32 854,72**

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
DE	Eco-scheme (DE-DZ-0401-02-0-01)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	670,33	0,00	670,33	100,00%	670,33

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgead-ais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
DE	Eco-scheme (DE-DZ-0406-00-0-01)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	32 813,64	0,00	32 813,64	100,00%	32 813,64
DE	Eco-scheme (DE-DZ-0407-00-0-01)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	38 359,29	0,00	38 359,29	100,00%	38 359,29
DE	CIS (DE-DZ-0501-00-0-01)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	759,06	0,00	759,06	100,00%	759,06
DE	CIS (DE-DZ-0502-00-0-01)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	72 859,06	0,00	72 859,06	100,00%	72 859,06
			Iomlán DE:	**EUR**	**145 461,38**	**0,00**	**145 461,38**		**145 461,38**

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgead-ais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
EL(GR)	CIS (MK1-32.1-02)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	3 235 686,73	0,00	3 235 686,73	100,00%	3 235 686,73
EL(GR)	CIS (MK1-32.1-03)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	4 814 306,53	0,00	4 814 306,53	100,00%	4 814 306,53
EL(GR)	CIS (MK1-32.1-9)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	1 478 694,71	0,00	1 478 694,71	100,00%	1 478 694,71
			Iomlán EL(GR):	**EUR**	**9 528 687,97**	**0,00**	**9 528 687,97**		**9 528 687,97**

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgead-ais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
FR	CIS (Aide couplée au revenu 3222_COR_O.11_0002)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	65 787,40	0,00	65 787,40	100,00%	65 787,40
			Iomlán FR:	**EUR**	**65 787,40**	**0,00**	**65 787,40**		**65 787,40**

Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Cuid AE
EUR	**9 959 021,23**	**0,00**	**9 959 021,23**	**9 959 021,23**

CETFT

Mír Bhuiséid: 6201

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgead-ais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
ES	ENVCLIM (ARA6503_03)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	29,54	0,00	29,54	55,56%	16,41
ES	INVEST (RIO6871_03)	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	369 130,6	0,00	369 130,6	45,00%	166 108,77
			Iomlán ES:	**EUR**	**369 160,14**	**0,00**	**369 160,14**		**166 125,18**

Ballstát	Cód idirghabhála (Cód an aonadmhéid bheartaithe)	Bliain airgead-ais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
NL	ENVCLIM (I.70.1.E.01 — Agrarisch Natuur- en Landschapsbeheer (ANLb))	2024	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	14 183 064,14	0,00	14 183 064,14	65,00%	9 218 991,69
			Iomlán NL:	**EUR**	**14 183 064,14**	**0,00**	**14 183 064,14**		**9 218 991,69**

Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Cuid AE
EUR	**14 552 224,28**	**0,00**	**14 552 224,28**	**9 385 116,87**

Cinntí maidir le laghduithe airgeadais	An glansárú a cinneadh (cuid AE)
CERT	9 959 021,23
CETFT	9 385 116,87
IOMLÁN:	**19 344 138,10**

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2054/oj